

# Scéalta Feirmeoireachta

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta feirmeoireachta na tíre.

Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- Minister for Agriculture, Food and the Marine
- decision
- investment
- the dairy industry
- processing technology centre
- milk quotas
- fish farming industry
- sector
- application
- to operate (a fish farm)

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 2** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén fáth a raibh Simon Coveney i dTiobraid Árann inniu?
2. Déan cur síos ar an airgead ar fad a bheidh le hinfheistiú sa tionscal déiríochta agus ar an bhfáth atá leis an infheistíocht sin.
3. Cén fáth nach bhfuil na deiseanna céanna forbartha ag an tionscal feirmeoireachta éisc?
4. Cén fáth a bhfuil conspóid faoin bhfeirm éisc atá pleanáilte do chuan na Gaillimhe?

**Ceist 3** Cén chanúint atá ag Tomás Ó Mainnín? Féach ar an tuairisc arís agus breac síos aon ní a chloiseann tú a chuireann an chanúint sin in iúl.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 4** ‘...deiseanna á múchadh...’ agus ‘...dianmheasúnú á dhéanamh...’

1. Cén fáth a bhfuil síneadh fada ar an **a** sna samplaí thuas?
2. Mínigh cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘déanamh’ ach nach bhfuil ar ‘múchadh’?
3. Cuir an fhoirm cheart den bhriathar sna spásanna thíos:
  - Tá an obair á (déanamh) \_\_\_\_\_ aige.
  - Nach bhfuil aon phrátaí sa teach? Níl. Beidh mé á (ceannach) \_\_\_\_\_ ar ball beag.
  - Tá an teach á (glanadh) \_\_\_\_\_ ag Sinéad.
  - Tá infheistíocht mhór á (cur) \_\_\_\_\_ sa ghnó.
  - Is minic a bhíonn poist á (fógairt) \_\_\_\_\_ sa nuachtán sin.

**Ceist 5** Is minic a mheashtar na focail seo. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

*tionscal*  
*tionscadal*  
*tionscnamh*

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá i gceist le cuótaí bainne agus cén chúis a bhíonn leo?
2. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le feirmeacha móra éisc, ar nós an chinn atá pleanáilte do Ghailimh?
3. Cad atá i ndán don tionscal éisc go ginearálta in Éirinn, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Minister for Agriculture, Food and the Marine – *An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara*  
decision – *cinneadh*

investment – *infheistíocht*

the dairy industry – *an tionscal déiríochta*

processing technology centre – *ionad teicneolaíochta próiseála*

milk quotas – *cuótaí bainne*

fish farming industry – *tionscal feirmeoireachta éisc*

sector – *earnáil*

application – *iarratas*

to operate – *a fheidhmiú*

### Ceist 2

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 3

Tá canúint na Mumhan ag Tomás Ó Mainnín.

Samplaí: *ón dtionscal / roimis / ag tógaint / deineadh / san ionad sin*

### Ceist 4

1. Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:

a. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘*doing it*’.

b. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him)*.

2. Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla: *measúnú (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh, forbairt (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh, scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh.*

3.

- Tá an obair á **déanamh** aige.
- Nach bhfuil aon phrátaí sa teach? Níl. Beidh mé á **gceannach** ar ball beag.
- Tá an teach á **ghlanadh** ag Sinéad.
- Tá infheistíocht mhór á **cur** sa ghnó.
- Is minic a bhíonn poist á **bhfógairt** sa nuachtán sin.

### Ceist 5

*tionscal – industry*

*tionscadal – project*

*tionscnamh – initiative*

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

As seo go ceann bliana atá súil ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, cinneadh a dhéanamh faoi iarratas Bhord Iascaigh Mhara feirm éisc a chur i gcuán na Gaillimhe. Tá go leor conspóide tarraingthe ag an bplean de bharr go mbeidh sé ar cheann de na feirmeacha éisc is mó san Eoraip. Bhí an tAire Coveney i dTiobraid Árann inniu, áit ar fógraíodh infheistíocht 35 milliún euro i dtionscal na déiríochta.

### Tomás Ó Mainnín

Bhí cúis meangtha ag Airí rialtais i dTiobraid Árann inniu agus infheistíocht luach 35 milliún euro á fógart<sup>1</sup> do thionscal na déiríochta. Tá infheistíocht 25 milliún euro ón stát agus ón dtionscal<sup>2</sup> féin le cur i dtreo ionad teicneolaíochta próiseála a bhunú. Tá 10 milliún euro eile le hinfeistiú ag Teagasc ina n-ionad teicneolaíochta i Mainistir Fhear Maí. An aidhm leis seo ná breis luacha a bhaint as bainne agus táirgí déiríochta de bharr deireadh a bheith ag teacht le cuótaí bainne.

Dúradh anseo arís inniu go raibh deiseanna roimis<sup>3</sup> tionscal na déiríochta in Éirinn agus deireadh ag teacht leis na cuótaí bainne. Ach deir siadsan atá bainteach le tionscal na feirmeoireachta éisc go bhfuil deiseanna forbartha san earnáil sin á múchadh mar go bhfuil sé ag tógaint<sup>4</sup> i bhfad rófhada iarratais<sup>5</sup> ar cheadúnais a phróiseáil. Tá sé ráite ag Cumann na bhFeirmeoirí go bhfuiltear ag feitheamh ar chinneadh ar suas le sé chéad iarratas agus go bhfuil cuid acu sin sa chóras le cúig bliana. Ina measc sin tá iarratas conspóideach Bhord Iascaigh Mhara d'fheirm éisc i mbá na Gaillimhe. Tá dhá bhliain ó deineadh<sup>6</sup> an t-iarratas sin. Inniu dúirt an tAire Mara, Simon Coveney, go raibh dianmheasúnú á dhéanamh ar an rialtas agus go raibh súil aige cinneadh a dhéanamh go luath.

Cúis dóchais don suas le fiche comhlacht atá tar éis spéis a léiriú an fheirm a fheidhmiú ach cúis imní dóibh sin atá tar éis imní a léiriú faoin bplean.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 san Aonach i dTiobraid Árann.

---

<sup>1</sup> á fhógart a deirtear

<sup>2</sup> ar an tionscal atá sa Chaighdeán Oifigiúil. Cuirtear urú ar *d* agus *t* i samplaí mar seo i nGaeilge na Mumhan agus glactar leis an nós seo sa Chaighdeán Athbheithnithe.

<sup>3</sup> roimh atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>4</sup> ag tógáil atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>5</sup> iarratais atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>6</sup> rinneadh atá sa Chaighdeán Oifigiúil